COMHDHÁIL IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2026**
**(OR. fr)**

**29505/26**

**LIMITE**

**JUR 281**
**INST 165**
**COUR 9**
***COUR***

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta |

**CINNEADH (AE) 2026/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta**

PUBLIC

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2025.

(2) Sa chomhthéacs sin, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Eugène BUTTIGIEG mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.

(3) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Eugène BUTTIGIEG a cheapadh don phost sin don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2031,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Eugène BUTTIGIEG ina Breitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2031.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*An tUachtarán*

PUBLIC